## ARDÁN RANNPHÁIRTÍOCHTA LEANAÍ AN AONTAIS

## AN CHÉAD CHOMHAIRLIÚCHÁN

# BHEITH AG MOTHÚ SLÁN SÁBHÁILTE



Achoimre ar a ndúirt na páistí

## Céard atá i gceist leis seo?

Is achoimre é seo ar an gcéad chomhairliúchán de chuid an Ardáin le leanaí. Léireoidh sé duit an méid a dúirt na leanaí agus an bealach a mbainfidh an Coimisiún úsáid as smaointe leanaí.

## Cad é an chéad chomhairliúchán?

Chuireamar ceisteanna ar leanaí ar fud na hEorpa maidir leis na nithe a chuidíonn leo iad féin a choinneáil slán sábháilte. Theastaigh uainn breathnú ar an ábhar sin toisc go bhfuil an tAontas Eorpach ag iarraidh feabhas a chur ar chosaint leanaí.

Cuideoidh na smaointe a roinn na leanaí leis an Aontas Eorpach doiciméad a scríobh dar teideal Achoimre ar a ndúirt na páistí


'Moladh maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí'. Leis an Moladh seo, tabharfar comhairle maidir le conas oibriú le chéile ar mhaithe le leanaí a choinneáil slán sábháilte. Tá an chomhairle dírithe ar dhaoine in eagraíochtaí amhail scoileanna, ospidéil, na póilíní agus gach duine a oibríonn i bpobail.




## Cé a bhí rannpháirteach?

**Idir mí na Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair 2023, ghlac 1 095 leanbh as 21 bhallstát den Aontas páirt sna comhairliúcháin.**

Maidir le haoiseanna na leanaí, bhí




Maidir le hinscne na leanaí:




Ba as na tíortha seo a leanas iad:




D'fhreagair 896 leanbh **suirbhé ar líne**

Ghlac 37 leanbh páirt in **agallaimh**

162 leanbh rannpháirteach i gceann amháin de na **23 ghrúpa fócais**








## Cad a dúirt na leanaí?

**Dúirt gach leanbh gur mian leo éirí aníos go slán sábháilte agus saor ó eagla.**

### Labhair na leanaí ar an gcaoi ar féidir leo mothú níos sábháilte in áiteanna éagsúla:



Tá an **scoil** tábhachtach mar caitheann leanaí a lán ama inti. Mhothóidís níos sábháilte dá gcuirfí feabhas ar an sláinteachas agus stop leis an mbulaíocht.



Ní mór d'**áiteanna cónaithe** a bheith seasmhach agus slán. Má bhíonn a ndóthain airgid ag teaghlaigh le bheith beo air, mothóidh teaghlaigh slán sábháilte. I gcás nach áit shábháilte é an baile, tá spás sábháilte ag teastáil ó leanaí.



Is féidir le gníomhaíochtaí **iarscoile** agus seach-churaclaim cuidiú le leanaí sóisialú i spás sábháilte agus daoine fásta ag tacú lena gcuid riachtanas. Tá níos mó spásanna ag teastáil ó leanaí inar féidir leo bualadh le chéile agus mothú slán sábháilte.



Uaireanta, ní mhothaíonn leanaí, go háirithe cailíní, slán sábháilte **i spásanna poiblí** amhail páirceanna, sráideanna agus stadanna bus. D'fhéadfadh clóis súgartha agus páirceanna a bheith níos sábháilte, dá rachadh na busanna i rith na hoíche agus dá mbeadh níos mó soilse sráide ann.



Tá níos mó sábháilteachta **ar líne** tábhachtach, go háirithe do leanaí óga. Is éard atá i gceist leis sin:

- Cosaint níos fearr a bheith acu.
- Níos mó eolais maidir le conas a bheith slán sábháilte.
- Oiliúint do leanaí agus do dhaoine fásta.

### Labhair na leanaí ar an gcaoi ar féidir le daoine fásta cuidiú leo mothú slán sábháilte:

**Cé leis ar féidir le leanaí labhairt ar dtús?**



Is fearr le 63 % de leanaí labhairt le duine éigin go pearsanta seachas ar líne.



Labhródh 74 % de leanaí lena dteaghlaigh nó gaolta ar dtús, agus labhródh 68 % lena gcairde.

## Cé hiad na daoine ar féidir leo leanaí a choinneáil slán sábháilte?

*'Daoine fásta atá cairdiúil, dearfach, agus foighneach éisteacht le tuairimí agus léargais leanaí, daoine fásta a thuigeann cuid mothúchán na leanaí agus a dhéanann an áit gníomhaíochtaí slán sábháilte, agus a nglacfaidh na leanaí níos réidhe leis'.*
*(Leanbh as an Rómáin)*

*'Sílim gur cheart do mhúinteoirí éisteacht linn níos cúramaí mar cé go síleann siad go bhfuilimid an-óg, tá ár dtuairim féin againn agus níor cheart dóibh neamhaird a dhéanamh di'.*
*(Leanbh as an mBulgáir)*



- Múinteoirí tiomanta agus tuisceanacha.
- Baill foirne scoile sa bhreis (amhail comhairleoirí, oibrithe sóisialta, leas-phríomhoidí agus príomhoidí).
- Cúramóir a bhfuil an t-am aige cúram a dhéanamh de chuid riachtanas fisiciúil agus mothúchánach na leanaí.
- Tuismitheoirí maithe altrama (nuair nach féidir le tuismitheoirí a leanaí a choinneáil slán sábháilte).
- Gairmithe cúraim sláinte a labhraíonn le leanaí ar bhealach cairdiúil. Ciallaíonn sé sin meas a léiriú ar leanaí agus iad ag caint leo, aon chóireáil a mhíniú dóibh agus an
- rogha a thabhairt dóibh duine fásta a bheith i láthair leo.
- Na póilíní, má tá aithne ag na leanaí orthu.

## Cad é atá leanaí ag iarraidh ar dhaoine fásta a dhéanamh dóibh chun iad a choinneáil slán sábháilte?

*'Tá sé tábhachtach do gach leanbh go bhfuil a fhios aige/aici go bhfuil daoine ann ar féidir leo teagmháil a dhéanamh leo, a mhíneoidh dóibh céard atá i gceist leis an bpróiseas ina iomláine, agus go bhfuil a fhios aige/aici go mothaíonn siad slán sábháilte agus sin á dhéanamh, toisc go mbíonn eagla ar leanaí maidir le cad a tharlóidh dóibh má dhéanann siad tuairisciú.'*
*(Grúpa fócais sa Chróit)*

## Iarrann na leanaí an méid seo ar dhaoine fásta:



### Éisteacht leo

- Meas a léiriú ar leanaí, éisteacht leo agus plé leo lándáiríre.
- Níos mó iarrachta a dhéanamh riachtanais leanaí a thuiscint.
- Cuidiú leo mothú slán sábháilte i scoileanna, spásanna poiblí agus saoráidí cúraim sláinte (amhail ospidéil, ionaid leighis, etc).
- Leanaí a chuimsiú agus réitigh ar a gcuid fadhbanna á bhforbairt. Teastaíonn ó leanaí bheith páirteach sna cinntí a dhéantar sa bhaile, ar scoil, ina bpobail agus sa rialtas.



### Eolas a thabhairt do leanaí

- Leanaí a chur ar an eolas maidir le rioscaí agus contúirtí a d'fhéadfadh a bheith ann.
- Eolas agus treoraíocht a chur ar fáil dóibh maidir leis na daoine ar féidir leo cabhair agus tacaíocht a iarraidh orthu agus maidir le conas cásanna neamhshábháilte a thuairisciú.
- Eolas soiléir a chur ar fáil dóibh maidir leis an méid a tharlaíonn tar éis dóibh cúnamh a lorg.



## Cúnamh a chur ar fáil

- Rialacha, teorainneacha agus bearta soiléire a leagan amach a d'fhéadfadh dochar a chosc.
- Gníomhú go tapa nuair a thuigeann siad nach bhfuil leanaí slán sábháilte.
- Cuidiú le leanaí sula n-éiríonn an fhadhb níos measa. Teastaíonn ó leanaí rochtain a bheith acu ar thacaíocht speisialaithe agus duine amháin a bheith acu chun tacaíocht a fháil uaidh.
- Leanúint de chuidiú ábharach agus mothúchánach a sholáthar do leanaí le linn an fhadhb a réiteach.



## Oibriú go maith le chéile

- Eolas maidir le fadhbanna na leanaí a roinnt agus cumarsáid a dhéanamh le chéile chun timpeallacht cosanta a chruthú.
- Iad a bheith oilte ar conas dul i ngleic le fadhbanna leanaí go léir le chéile.

> *'Dá mbeadh na leanaí ina n-uachtarán ar an Liotuáin, a dúirt siad, chuirfidís eolas in iúl ar bhealach níos forleithne trí spásanna poiblí chun sábháilteacht leanaí a chinntiú, go gcuardóidís níos mó daoine chun cuidiú go deonach le leanaí mothú slán sábháilte, go bhfostóidís níos mó daoine ionas go soláthrófaí ar bhealach níos fearr do na leanaí sin nach mothaíonn sábháilte faoi láthair.'*
> *(Grúpa fócais sa Liotuáin)*



## Meabhairshláinte leanaí a chosaint

- Timpeallacht oscailte shábháilte a chur ar fáil chun saincheisteanna meabhairshláinte a phlé.
- Níos mó feasachta, treoraíochta agus eolais a mhúscailt chun dul i ngleic le saincheisteanna meabhairshláinte.
- Feabhas a chur ar an sláinteachas, stop a chur leis an mbulaíocht ar scoil agus leis an gcibearbhulaíocht.

> *'Mhúsclóinn feasacht ar an meabhairshláinte agus ar an strus, agus dhéanfainn iad a theagasc ar scoil. Chabhróinn le daoine teacht ar réitigh, d'eagróinn imeachtaí. Mhúsclóinn feasacht ar ghníomhaíochtaí iarscoile, amhail an saol lasmuigh den scoil. Thabharfainn roinnt gníomhaíochtaí coirp isteach sa scoil'.*
> *(Leanbh as an Danmhairg)*



## Leanaí a choinneáil slán sábháilte i ngach áit, ar líne san áireamh

- Níos mó treoraíochta agus oiliúna a sholáthar maidir le conas a bheith slán sábháilte ar líne. Tá oiliúint maidir le conas iad féin a choinneáil slán sábháilte ar líne ag teastáil ó leanaí agus daoine fásta araon.
- Leanaí a chosaint ar líne trí rialacha níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a thabhairt isteach.
- Ligean do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus daoine fásta eile a bheith páirteach i rialacha sábháilteachta na meán sóisialta a mhíniú.



